



1. Bhí cluiche iománaíochta ar siúl sa pháirc. **Cluiche ceannais** a bhí ann agus bhí mise ar fhoireann na scoile. Bhí **slua** mór ag féachaint ar an chluiche.



2. **Sa dara leath**, bhuail imreoir eile mé lena chamán agus thit mé ar an talamh. Bhí mé gortaithe go dona. Tháinig fir amach ar an pháirc **le sínteán**.



3. Chuaigh muid go dtí an t-ospidéal agus thóg siad mé go dtí **an t-ionad Timpiste agus Éigeandála**. Bhí beirt eile sa **seomra feithimh** ag fanacht ar na dochtúirí.



4. Bhí muid ag fanacht ansin **dhá uair** nuair a tháinig dochtúir. Ní raibh mo mhúinteoir spóirt ró-shásta. Bhí an pian go huafásach!



5. Cuireadh mo chos i bplastar. Dúirt an dochtúir go raibh mo chos briste go dona agus go raibh sos fada **de dhíth orm**.



6. Ní raibh cead agam imirt **go ceann cúig mhí**. Bhí sé iontach go deo leadránach agus thosaigh mé **ag imirt fichille**. Ní raibh aon rud eile le déanamh agam!